

AN DARA BLIAIN

2024-25

LEABHRÁN EOLAIS

AGUS

TREOIR GHINEARÁLTA

DO

MHIC LÉINN ROINN NA NUA-GHAEILGE

Anseo thíos tá:

A: Focal Comhairle ó na Comhairleoirí

B: Riachtanais

C: Cuntas ar na Modúil

D: Leathanach Clúdaigh Aiste

A: Focal Comhairle ó na Comhairleoirí

Fáilte

Fáilte romhat chuig an Dara Bliain. Tá áthas orainn go bhfuil tú tar éis an Ghaeilge a roghnú mar ábhar céime. **Ná dearmad gur fiú 30% de mharc na céime torthaí na Dara Bliana.** Cuirfidh an leabhrán seo ar an eolas thú maidir le cúrsa na Gaeilge sa Dara Bliain. Iarrtar ort gach rud a léamh ann go cúramach. Ina dhiaidh sin má bhíonn aon cheist fós agat i dtaobh an chúrsa féadfaidh tú cruinniú a shocrú le Comhairleoirí na Dara Bliana.

Comhairleoirí na Dara Bliana

Caitlín Nic Íomhair (Seomra 19), Eoghan Ó Raghallaigh (Seomra 27) **** Tá oifigí na Roinne á gcóiriú faoi láthair agus is fearr teagmháil a dhéanamh linn trí rphost dá bharr.****

Treoir Ghinearálta

Freastal

Ní mór duit a bheith i láthair ag **gach** léacht, rang teagaisc, rang oidis agus ceardlann teanga a bhaineann le do chúrsa sa Nua-Ghaeilge.

Sa chás go gcailleann tú léacht nó rang de bharr tinnis nó ar údar bailí eile, ba cheart teastas dochtúra a thabhairt isteach chuig an Rúnaí agus cóip a thabhairt do na léachtóirí, oidí, teagascóirí agus cuirfear sin san áireamh.

Má chailleann tú níos mó ná 25% de léachtaí na **modúl roghnach**, marc 0% a gheobhaidh tú dá bharr agus beidh ort na scrúduithe a shuí arís.

**Beidh liosta tinrimh le síniú mar dhearbhu ar fhreastal ag na léachtaí.
Ní ceadmhach d'aon duine an liosta tinrimh a shíniú thar ceann duine eile.**

- Ná lig do phostanna páirtaimseartha ná don saol sóisialta teacht idir thú agus do chuid staidéir: cuimhnigh gur mac léinn lánaimseartha thú agus nár mhór duit tús áite a thabhairt don léann.
- **Labhair an oiread sin Gaeilge agus is féidir leat le mic léinn eile na Gaeilge.** Glac páirt i saol na Gaeilge i Maigh Nuad (m.sh. Cuallacht Cholm Cille, Seachtain na Gaeilge srl.) agus i mBaile Átha Cliath (m.sh. Club Chonradh na Gaeilge) agus in áiteanna eile (m.sh. Oireachtas na Gaeilge). Sa Leabharlann is féidir leat na hirisí Gaeilge a léamh – *Comhar*, *Feasta* srl. Más sa bhaile atá tú, caith roinnt ama ag breathnú ar TG4 nó ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta (92.9 FM agus 93.5 FM) nó Raidió na Life (106.4FM). Más maith leat an tIdirlíon, bain triail as na suíomhanna Gaeilge seo: www.tuairisc.ie; www.irishtimes.com/culture/tuarascail; www.rte.ie/rmag; www.tg4.ie/nos.ie/; www.tg4.ie/ga/bloc; www.meoneile.ie; www.rte.ie/gaeilge; www.rte.ie/gaeilge/beo-ar-eigean/.
- Seiceáil do chuntas **oifigiúil** ríomhphoist (...@mumail.ie) go rialta – is chuige sin a chuirfear aon teachtaireacht a bhaineann le hobair na Dara Bliana. Ba cheart duit an seoladh seo a úsáid **i gcónaí** agus tú ag scríobh chuig léachtóirí nó baill eile foirne.
- Bí cinnte go mbainfidh tú úsáid cheart as an Leabharlann go rialta. Má luaitear léitheoireacht

bhreise leat sna léachtaí difriúla beidh fáil ar na leabhair/ na hirisí/ na hailt sin sa Leabharlann. Mura bhfuil do chuid foclóirí féin agat, bain leas as na cinn atá sa Leabharlann nó in Ionad na dTeangacha. Is iad na foclóirí is tábhachtaí ná: Niall Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla* (1977) agus Tomás de Bháldraithe, *English-Irish Dictionary* (1959). Tá siad seo ar fáil anois mar chuid den suíomh www.teanglann.ie agus trí naisc ar an bhfoclóir nua Béarla-Gaeilge <http://www.focloir.ie/>. Tá an dá fhoclóir seo ar fáil mar aip anois chomh maith. Foclóir téarmaíochta is ea an suíomh www.tearma.ie. Tá eolas faoi áitainmneacha na hÉireann le fáil ar www.logainm.ie, agus faoi phearsana stairiúla ar ainm.ie.

- Tá an **léitheoireacht** neamhspleách fíorthábhachtach i sealbhú teanga. Cuirfidh sí le do mhuintín, do líofacht, do stór focal agus do thuiscint ar do chultúr. Moltar **go láidir** do mhic léinn a bheith ag léamh as Gaeilge taobh amuigh den obair ollscoile. Má theastaíonn treoir uait, déan coinne le Caitlín Nic Íomhair chun na roghanna a phlé.
- Bí cinnte go gcláróidh tú i gceart do na modúil a bheidh tú a dhéanamh. **Ní thabharfar cead duit scrúdú a dhéanamh i modúl mura bhfuil tú cláraithe i gcomhair an mhodúil sin.**
- Ní cóir don mhac léinn dearmad a dhéanamh go bhfuil marcanna/creidiúintí ag dul do bheagnach gach uile ghné d’obair na bliana.
- Iompar sna léachtaí agus sna ceardlanna, ranganna teagaisc is oidis: baineann sé le dea-bhéas is le dea-chleachtas go mbeifeá in am agus nach mbeifeá ag caint le linn na léachtaí is na ranganna. **Múch an fón póca roimh gach léacht/ rang.** Más gá imeacht go luath as léacht nó as rang, mínigh an scéal roimh ré don léachtóir/ teagascóir agus suigh in aice an dorais. Ná bí ag ithe ná ag ól le linn na léachtaí is na ranganna.
- **N.B. AN MHÚINTEOIREACHT MAR GHAIRM:** Más suim leat a bheith i do mhúinteoir Gaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile, beidh ort a bheith in ann fianaise a chur ar fáil don Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil caighdeán cuí Gaeilge agat agus go bhfuil tréimhse chúí caite agat sa Ghaeltacht. Bíonn ar gach múinteoir clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, agus ní chlárófar múinteoirí Gaeilge nach gcomhlíonann an riachtanas thuasluaite. Breis eolais ar fáil ag: www.teachingcouncil.ie.
- **Tacaíochtaí eile:**
Má bhíonn aon cheist agat i dtaobh do chlárú nó i dtaobh na gconairí éagsúla atá ar fáil duit, déan teagmháil leis na hoifigí seo a leanas:
The Programme Advisory Office: (Seomra 1.17, urlár na talún, Rowan House)
Rphost: programme.choices@mu.ie ; Guthán: 01 474 7428
Suíomh: www.maynoothuniversity.ie/programme-advisory-office
The Experiential Learning Office: (Seomra 1.18, urlár na talún, Rowan House)
Rphost: Aisling.Flynn@mu.ie ; Guthán: 01 474 7760
Suíomh: <https://www.maynoothuniversity.ie/experiential-learning-office>

Tá tacaíochtaí eile ar fáil, freisin, a bhaineann le fadhbanna taobh amuigh den saol acadúil (sláinte, comhairleoireacht, comhairle airgeadais). Féach: <https://www.maynoothuniversity.ie/student-services>

B: Riachtanais

Seimeastar 1

Ní mór do mhic léinn freastal ar:

(i) NG201, NG254

(ii) NG224 nó NG257 nó NG261 nó SG207 nó is féidir Sruth Roghnach a dhéanamh in áit cúig chreidiúint Ghaeilge in aghaidh na bliana

(iii) rang teagaisc & ceardlann (mar chuid de NG201) agus rang oidis (mar chuid de NG254)

Seimeastar 2

Ní mór do mhic léinn freastal ar:

(i) NG211, NG264

(ii) NG260 nó NG263 nó SG208 nó is féidir Sruth Roghnach a dhéanamh in áit cúig chreidiúint Ghaeilge in aghaidh na bliana

(iii) rang teagaisc & ceardlann (mar chuid de NG211) agus rang oidis (mar chuid de NG264)

Mic léinn atá i mbun NG2CEL (an Ghaeilge mar Shruth Roghnach), déanfaidh siad NG201 i Seimeastar 1 agus NG211 i Seimeastar 2. Mic léinn atá i mbun NG2MI (an Ghaeilge mar mhionábhar), déanfaidh siad NG201 & NG254 i Seimeastar 1 agus NG211 & NG264 i Seimeastar 2.

Ní mór duit clárú le haghaidh na ranganna teagaisc/oidis/ceardlainne. Mura bhfeiceann tú d'ainm ar liostaí na ranganna, caithfidh tusa an scéal a chur in iúl don Roinn láithreach.

N.B. Is cuid lárnach de scrúduithe na Dara Bliana freastal ar na ranganna oidis, na ranganna teagaisc agus na ceardlanna teanga.

Ranganna Teagaisc

Ranganna teagaisc gramadaí iad seo a shocrófar ag tús na bliana acadúla. Beidh ceann ann **uair sa tseachtain**. **Bí cinnte go bhfuil tú cláraithe i gceart sa Roinn** le haghaidh na ranganna seo. **Níl cead agat aistriú ó rang teagaisc amháin go rang eile gan cead a fháil ó Eoghan Ó Raghallaigh.** Má bhíonn tú as láthair ó rang teagaisc, tá sé tábhachtach an scéal a mhíniú do do theagascóir. Sa chás go mbíonn tú tinn, tabhair teastas dochtúra do rúnaí Roinn na Gaeilge (Seomra 20). Díreofar ar scríobh cruinn na Gaeilge iontu. Pléifear sa rang gnéithe áirithe den ábhar a dhéanfar i modúil NG201 agus NG211. Tabharfaidh an teagascóir obair scríofa do na mic léinn go rialta. Ag deireadh na bliana áireofar obair na ranganna teagaisc mar chuid den mheasúnú leanúnach.

Ceardlanna

Cuirfear Siollabas na Dara Bliana i bhfeidhm sna Ceardlanna seo (féach www.teagascnagaeilge.ie). Díreofar ar na scileanna teanga agus cumarsáide seo a leanas: an scríbhneoireacht, an chaint, an léamhthuiscint agus an chluastuiscint. Bainfear úsáid as cur chuige na foghlama cumaisc ('blended learning') sna ceardlanna agus beidh trí ghné éagsúla i gceist leo:

- i. obair neamhspleách ar líne
- ii. seisiún beo ar an gcampas gach seachtain le do theagascóir agus grúpa beag mac léinn (2 uair an chloig).
- iii. tascanna aonair scríofa agus labhartha (3 thasc gach seimeastar)

Beidh na trí ghné seo den chúrsa riachtanach. Coinneofar taifead ar an obair neamhspleách a dhéanfaidh tú ar Moodle, bronnfar marcanna rannpháirtíochta bunaithe ar na seisiúin bheo agus

bronnfar marcanna ar na tascanna aonair. Seasfaidh marc deiridh na gceardlann i gcás athscrúduithe: ní féidir aon tasc/ cheacht a rinneadh do na ceardlanna a athdhéanamh.

Ní mór duit clárú le haghaidh na gceardlann ag tús na bliana. Fút féin a bheidh sé a chinntiú go bhfuil tú cláraithe i gceart. Mura bhfeiceann tú d'ainm ar liostaí na ranganna, caithfidh tusa an scéal a chur in iúl don Roinn láithreach. Níl cead agat aistriú ó rang amháin go rang eile gan cead pearsanta a fháil ó Chomhordaitheoir na gCeardlann, Sailí Ní Dhroighneáin. Ní mór duit freastal ar an seisiún beo gach seachtain agus do chuid oibre a dhéanamh de réir sceideal na spriocdhátaí a leagfar amach ag tús na bliana. Má bhíonn tú as láthair as ceardlann nó má bhíonn ort tasc a chur isteach mall, tá sé tábhachtach go míneoidh tú an scéal do do theagascóir. Sa chás go mbíonn tú tinn nó go mbíonn cúis mhaith eile agat a bheith as láthair, tabhair teastas dochtúra nó fianaise eile chuí do rúnaí Roinn na Nua-Ghaeilge (Seomra 20) agus cuir cóip i ríomhphost chuig do theagascóir, ionas nach gcaillfidh tú marcanna. N.B. Beidh gach eolas faoi na ceardlanna ar fáil ar leathanach Moodle MC: NG200.

Ranganna Oidís

Ranganna teagaisc litríochta iad seo a shocrófar ag tús na bliana acadúla. Beidh ceann ann **uair sa tseachtain**. **Bí cinnte go bhfuil tú cláraithe i gceart sa Roinn** le haghaidh na ranganna seo. **Níl cead agat aistriú ó rang oidís amháin go rang eile gan cead a fháil ó Chaitlín Nic Íomhair.** Má bhíonn tú as láthair ó rang oidís, tá sé tábhachtach an scéal a mhíniú do d'oidé. Sa chás go mbíonn tú tinn, tabhair teastas dochtúra do rúnaí Roinn na Gaeilge (Seomra 20). Díreofar ar an gcritic agus ar an bplé sna ranganna seo. Bainfidh ábhar na ranganna le NG254 agus NG264. Is fiú suas le 40% d'obair na modúl na tascanna a dhéantar sna ranganna oidís.

An Grúpa Léitheoireachta

Is grúpa deonach (*voluntary*) é seo a thagann le chéile chun feabhas a chur ar scileanna léitheoireachta agus léamh na litríochta. Tuilleadh eolais: caitlin.niciomhair@mu.ie.

Bradaíl ('Plagiarism')

Is ionann bradaíl agus saothar duine eile a chóipeáil, a áireamh nó a thabhairt go díreach gan aitheantas ceart a thabhairt don duine sin. Má leagann aon mhac léinn ábhar scríofa isteach a mbaineann amhras na bradaíola leis, fiosrófar an cás agus déileálfaidh an Roinn leis de réir pholasaí na hOllscoile atá leagtha amach ag an láthair seo a leanas:

<https://www.maynoothuniversity.ie/university-policies/rules-regulations-students>

Féach fosta polasaí na hollscoile maidir leis an Intleacht Shaorga (Artificial Intelligence) ag: [Academic Integrity and Generative AI | Maynooth University](#)

Tá sé de dhualgas ar mhic léinn aistí/ceachtanna ceartaithe na ranganna oidís agus teagaisc a chur isteach in aon fhilleán amháin agus an fillteán sin a thabhairt do Rúnaí na Roinne ag deireadh na bliana. **Déantar é seo le gur féidir leis an Scrúdaitheoir Seachtrach scrúdú a dhéanamh ar gach gné d'obair na mac léinn.**

Maidir le GACH píosa scríofa oibre (m.sh. aistí na ranganna oidís, aistriúcháin agus aistí na ranganna teagaisc, agus tascanna na gceardlann) a thabharfaidh an mac léinn isteach, ní mór

don mhac léinn a c(h)óip phearsanta féin den obair a choinneáil agus a chur ar fáil don Roinn sa chás go n-iarrfaí a leithéid am ar bith i rith na bliana.

An Ghaeltacht

Moltar go láidir do gach mac léinn mí ar a laghad a chaitheamh i gceantar Gaeltachta le linn a t(h)réimhse i Maigh Nuad. Moltar do mhic léinn cúrsa a dhéanamh, más féidir, go háirithe an chéad uair a théann sé/sí ann. Moltar do mhic léinn post samhraidh a fháil sa Ghaeltacht chomh maith – m.sh. bíonn na Coláistí Samhraidh i gcónaí ag lorg cinnirí. Moltar do mhic léinn cúrsa **aitheanta** Gaeltachta a dhéanamh. Bíonn cúrsaí ar siúl de ghnáth ag deireadh Lúnasa/tús Mheán Fómhair dóibh siúd atá ag dul isteach sa Tríú Bliain.

Measúnú:

Déantar measúnú ar obair an mhic léinn ar na bealaí seo a leanas:

- (a) Scrúduithe scríofa ag deireadh gach seimeastair.*
- (b) Measúnú leanúnach ar a n-áirítear tinreamh, rannpháirtíocht, obair scríofa, agus scrúduithe ranga.
- (c) Scrúdú cainte ag deireadh Sheimeastar 2.

Caithfidh gach mac léinn pas a fháil sa scrúdú cainte le pas a fháil sa scrúdú trí chéile.

Sa chás go dteipeann ar mhac léinn sa mhodúl NG211 ní mór dó/di an scrúdú scríofa AGUS an scrúdú cainte a athdhéanamh san Fhómhar

* Beidh scrúdú ollscoile ar na modúil seo a leanas i gceist ag deireadh Sheimeastar 1: NG201, NG224, NG254, NG257, NG261.

Beidh scrúdú ollscoile ar na modúil seo a leanas i gceist ag deireadh Sheimeastar 2: NG211, NG263, NG264.

Iarrtar ar gach mac léinn féachaint ar <http://apps.maynoothuniversity.ie/courses/> d'fhonn breis eolais a fháil ar mhodúil na Dara Bliana agus ar an measúnú a dhéantar orthu.

Córas Aistrithe Creidiúna na hEorpa (ECTS)

De ghnáth bíonn 5 chreidiúint le gnóthú ar chúrsa a mhaireann 24 uair an chloig. Bronntar 30 creidiúint ar an mac léinn a n-éiríonn leis/léi obair iomlán bliana a chur de/di.

Uimhir	Teideal an Mhodúil	Creidiúintí
NG201	An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 1	5
NG211	An Ghaeilge Scríofa agus Labhartha 2	5
NG224	An Fhoghraíocht 1	5
NG254	An Nua-Litríocht	5
NG257	Litríocht na Sean-Ghaeilge	5
NG260	Traidisiún Amhránaíochta na Gaeilge	5
NG261	Oidhreacht Ghaelach Thuaisceart Laighean agus Chúige Uladh	5
NG263	An Fhiannaíocht agus an Ainmeolaíocht	5
NG264	An Nua-Ghaeilge Mhoch agus an Nualitríocht	5
SG207	Sean-Ghaeilge – Old Irish 1	5
SG208	Sean-Ghaeilge – Old Irish 2	5

Tacaíocht Bhreise (Acadúil)

Cuirfear sonraí ar fáil ag tús na bliana maidir le dhá ghrúpa tacaíochta do mhic léinn a bhíonn ag streachailt le cúrsaí teanga:

1. An Droichead – grúpa deonach a thagann le chéile chun gnéithe de ghramadach na Gaeilge a chleachtadh
2. An Grúpa Léitheoireachta – grúpa deonach faoi stiúir léachtóirí a thagann le chéile chun an léitheoireacht a chleachtadh.

C: CUNTAS AR NA MODÚIL

MODÚIL NG201, NG211: AN GHAELIGE SCRÍOFA & LABHARTHA

Léachtóir: An Dr Eoghan Ó Raghallaigh

Measúnú NG201 (5 ECTS):

Scrúdú scríofa = 70%, Measúnú leanúnach = 30% (ceardlann & rang teagaise)

Measúnú NG211 (5 ECTS):

Scrúdú scríofa = 40%, Scrúdú cainte = 30%, Measúnú leanúnach = 30% (ceardlann & rang teagaise)

Le pas a fháil in NG201, caithfidh an mac léinn ar a laghad 40% a fháil: ní féidir pas trí chúiteamh a fháil. Má theipeann ar an mac léinn sa scrúdú scríofa, tugtar ‘marc srianta’ (*capped mark*) don mhac léinn .i. déantar marc an mhodúil a íslíú, más gá sin, go 35%.

Le pas a fháil in NG211, caithfidh an mac léinn ar a laghad 40% a fháil: ní féidir pas trí chúiteamh a fháil. Má theipeann ar an mac léinn sa scrúdú cainte nó sa scrúdú scríofa, tugtar ‘marc srianta’ (*capped mark*) don mhac léinn .i. déantar marc an mhodúil a íslíú, más gá sin, go 35%.

Sa chás go dteipeann ar mhac léinn sa mhodúil NG211 ní mór dó/di an scrúdú scríofa AGUS an scrúdú cainte a athdhéanamh san Fhómhar.

Leanfar den chúrsa gramadaí a tugadh sa Chéad Bhliain. **Glaftar leis go bhfuil an t-ábhar a pléadh sa Chéad Bhliain ar eolas ag na mic léinn.** Beifear ag díriú ar na bunmhíreanna seo a leanas i mbliana: (i) An aidiacht/ díochlaonadh na haidiachta/ céimeanna comparáide na haidiachta, (ii) Uimhreacha, (iii) Clásail choibhneasta, (iv) Claininsint, (v) Úsáid cheart *má* agus *dá*, (vi) An t-ainm briathartha, (vii) An aidiacht bhriathartha, (viii) Sloinnte/ laethanta/ míonna.

Chomh maith leis seo tabharfar faoin aistriú ó Bhéarla go Gaeilge agus na míreanna gramadaí a luaitear thuas á bplé againn. Chuige sin beifear ag súil leis go nglacfaidh an mac léinn páirt iomlán sna léachtaí agus go mbeidh sé/ sí ag foghlaim na gramadaí ó sheachtain go seachtain. Caithfidh gach mac léinn a bheith i láthair ag gach rang/léacht.

Foinsí Tagartha:

Gramadach na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil. Ar fáil ag:

<http://www.oireachtas.ie/parliament/media/translators/An-Caighde%20Ain-Oifigi%20Bail-2017.pdf>

De Bhaldraithe, Tomás (1959) *English-Irish Dictionary*. Oifig an tSoláthair

Mac Lochlainn, Antain (2000) *Cuir Gaeilge Air*. Cois Life

Mac Murchaidh, Ciarán (2006) *Cruinnscríobh na Gaeilge*. Cois Life: Baile Átha Cliath

Ó Dónaill, Éamonn (Eagrán 4; 2016) *Gramadach gan Stró!* Gaelchultúr, Baile Átha Cliath

Ó Dónaill, Niall (1977) *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Oifig an tSoláthair

Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí (1999) An Gúm

The Christian Brothers (1980) *New Irish Grammar*. Fallons

MODÚL NG224: AN FHOGHRAÍOCHT 1 (5 ECTS)

Léachtóir: Brian Ó Catháin

Is modúl teicniúil dúshlánach é seo. Ní mór don mhac léinn a bheith sásta dua mór a chaitheamh le foghlaim na téarmaíochta nua agus le cleachtadh praiticiúil na foghraíochta (i) le linn na ranganna; (ii) in Ionad na dTeangacha/ sa bhaile. Ní ligfear isteach sa mhodúl seo ach líon teoranta mac léinn.

Baineann an fhoghraíocht le fuaimeanna nó foghair na cainte. Sa mhodúl seo, déanfar teoiric ghinearálta na foghraíochta a mhíniú agus breathnófar go grinn ansin ar chóras foghraíochta na Gaeilge. Déanfar mionanailís theicniúil ar foghair na Gaeilge, go háirithe ar chonsain na Gaeilge. Leagfar béim ar foghair na Gaeilge a mbíonn deacrachtaí ag cainteoirí Béarla leo agus déanfar cleachtaí praiticiúla a dhíreoidh ar na deacrachtaí seo. Cuirfear scrúdú foghraíochta ar gach mac léinn roimh dheireadh an mhodúil agus is fiú 20% de mharcanna iomlána an mhodúil an scrúdú seo.

Téacsleabhair:

Ó Murchú, Séamas (1985) *Cúrsa Tosaigh Foghraíochta*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
Annuntiata le Muire/ Ó Huallacháin, Colmán (1966) *Bunchúrsa Foghraíochta*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Súimh idirlín:

<http://www.fuaimeanna.ie>

<http://www.uni-due.de/FnG/>

<https://soundcloud.com/forasnagaeilge/bunchursa-foghraiochta>

MODÚL NG254: AN NUALITRÍOCHT (5 ECTS)

Léachtóirí: Caitlín Nic Íomhair, Fionntán de Brún

Beidh dhá chuid sa mhodúl seo, mar atá, an Nuafhilíocht (12 léacht) agus an Gearrscéal (12 léacht). Beidh léacht amháin in aghaidh na seachtaine ag an mac léinn sa dá chuid seo.

1. An Nuafhilíocht:

Léifear agus pléifear dánta comhaimseartha ó mhórfhilí ar nós Sheáin Uí Ríordáin, Mháirtín Uí Dhíreáin agus glúin Innti. Pléifear comhthéacs, coincheapa agus comharthaí sóirt na ndánta seo agus tabharfar aghaidh ar chuid de na bealaí gur féidir le léitheoir dul i ngleic le dán.

Beidh téacs/téacsanna ar leith le léamh gach seachtain agus iarrfar ort tús áite a thabhairt don léitheoireacht sheachtainiúil sin.

Téacsleabhar:

Denvir, G. *Duanaire an Chéid* (Indreabhán: Cló IarChonnacht, 2000)

Molta:

Ní Fhrighil, Rióna, *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2010)
Ó Dúshláine, T., Ní Chleirchín, C., *Filí Innti go hIontach. Léachtaí Cholm Cille XLI* (Má Nuad, 2011).

Cuirfear sleachta léitheoireachta ar Moodle.

2. An Gearrscéal:

Pléifear forbairt stairiúil na gearrscéalaíochta Gaeilge ó na hiarrachtaí is luaithe ag tús an 20ú haois go dtí gearrscéalta comhaimseartha na Gaeilge. Amharcfaimid ar fhorbairt ealaín an ghearrscéil agus ar na modhanna inste a chleacht údair éagsúla, go háirithe an réalachas sóisialta agus an t-idéalachas. Lena chois sin, beidh aird againn ar théamaí ar leith, mar shampla, an grá agus an caidreamh idir dhaoine, an duine agus an domhan mór, an ghéarchéim agus an teacht aniar. Feicfear an gearrscéal mar shlí leis an domhan a chur i dtuiscint agus le tnúthán síoraí an duine ann a léiriú.

Ní foláir do mhic léinn mionléitheoireacht chúramach a dhéanamh ar na gearrscéalta agus a gcuid scileanna critice a fhorbairt dá réir.

Téacsleabhar:

Denvir, G. agus Ní Dhonnchadha, A. *Gearrscéalta an Chéid*, Cló Iar-Chonnachta 2000. Beidh an leabhar seo le ceannach i siopa leabhar na hOllscoile.

Leabhair Thagartha:

Mac Labhraí, S. *Anam na Teanga*, Cló Iar-Chonnacht 2012.
Ní Dhonnchadha, A. *An Gearrscéal sa Ghaeilge*, An Clóchomhar 1981.

Léitheoireacht Mholta:

Má theastaíonn moltaí léitheoireachta uait, bí i dteagmháil le Caitlín Nic Íomhair.

Measúnú an Mhodúil:

Scrúdú Ollscoile 90 nóiméad ag deireadh an tseimeastair (60%) agus measúnú leanúnach bunaithe ar an obair a dhéantar don rang oidis (40%).

MODÚL NG257: LITRÍOCHT NA SEAN-GHAEILGE (5 ECTS)

Léachtóir: Colm McGoldrick

Díreofar ar ghnéithe de litríocht ársa na hÉireann sa chúrsa seo. Déanfar plé ar thionchar na Críostaíochta ar an nGaeilge agus ar litríocht na tíre, agus léifear roinnt téacsanna ó Shraith Mhiotaseolaíoch na litríochta in Éirinn, ag díriú ar *Cath Maige Tuired*.

Sa dara cuid den chúrsa, díreofar ar Shraith an Laochais nó na scéalta Rúraíochta faoi Chú Chulainn agus laochra Uladh. Déanfar anailís agus plé ar chúlra, charachtair agus mhórthéamaí an Laochais, agus léifear mórshaothar na Sraithe, *Táin Bó Cuailnge*. Déanfar plé ar bheathaisnéis an laoi, ag díriú ar mhórlaoch na Rúraíochta, Cú Chulainn. **N.B. Ní ceadaithe do mhic léinn na Luath-Ghaeilge sa dara bliain an cúrsa seo a dhéanamh**

Léitheoireacht Riachtanach (Téacsleabhar):

Ó Scolaí, D. *Táin Bó Cuailnge* (An Leabhar Breac 2018). Beidh an leabhar seo le ceannach i siopa leabhar na hOllscoile.

Aistriúchán Béarla (Roghnach):

Kinsella, T. *The Táin* (London 1969 or reissue Oxford 2002).

Léitheoireacht Mholta

Caerwyn Williams, J.E., & Ní Mhuiríosa, M., 1979. *Traidisiún Liteartha na nGael*. Baile Átha Cliath.

de Paor, M. & L., 1958. *Early Christian Ireland*. Thames & Hudson.

Edel, D., 2001. *The Celtic West and Europe*. Four Courts Press.

Hyde, D., 1899. *A Literary History of Ireland*. London.

Hennessy, W.M., 1870. 'The Ancient Irish Goddess of War' in *Revue Celtique* 1, 32-57.

Lydon, J., 1998. *The Making of Ireland*. London & New York.

McCone, K.R., 1990. *Pagan Past and Christian Present in Early Irish Literature*. Maynooth.

Ní Bhrolcháin, M., 2009. *An Introduction to Early Irish Literature*. Four Courts Press.

Ó Cróinín, D., 1995. *Early Medieval Ireland*. London & New York.

Richter, M., 1988. *Medieval Ireland*. Gill & MacMillan.

Ryan, J., 1961. 'St. Patrick, Apostle of Ireland' in *Studies* Vol. 50, 113-151.

Squire, C., 1910. *Celtic Myth and Legend, Poetry and Romance*. London.

Léitheoireacht Mholta ar *Cath Maige Tuired*

Gray, E., 1980-81. 'Cath Maige Tuired: Myth and Structure (1-24)' in *Éigse* XVIII.

Gray, E., 1982-83. 'Cath Maige Tuired: Myth and Structure (24-120)' in *Éigse* XIX.

Gray, E., 1982. *Cath Maige Tuired*. Irish Texts Society (Réamhrá).

Kelly, F., 1976. *Audacht Morainn*. Dublin Institute for Advanced Studies.

Meyer, K., 1909. *The Instructions of King Cormac Mac Airt*. Todd Lecture Series XV. Dublin & London.

Ní Bhrolcháin, M., 2009. *An Introduction to Early Irish Literature*. Four Courts Press (Caibidlí 2 & 7).

Ó Cathasaigh, T., 1983. 'Cath Maige Tuired: An Exemplary Myth' in *Folia Gadelica* (Eag. de Brún, P., Ó Coileáin, Ó Riain, P.). Cork University Press.

Molfar léitheoireacht bhreise eile le linn an chúrsa.

MODÚL NG260: TRADISIÚN AMHRÁNAÍOCHTA NA GAEILGE (5 ECTS)

Léachtóir: Sailí Ní Dhroighneáin

Pléifear gnéithe éagsúla de thraidisiún amhránaíochta na Gaeilge sa mhodúl seo ón stair a bhaineann leis suas go dtí an ról atá aige sa lá atá inniu ann. Léifear téacsanna roinnt de na seanamhráin, agus breathnófar ar na seánraí agus na téamaí éagsúla a bhaineann leo. Anuas air sin, déanfar plé ar ról na n-amhrán san am a chuaigh thart, agus forbrófar tuiscint na mac léinn ar an ról atá acu i saol an lae inniu, ag díriú isteach ar fhéile an Oireachtais ach go háirithe.

Cuirfear téacsanna na n-amhrán ar fáil ar Moodle.

Léitheoireacht Bhreise:

Socrófar téacsanna le linn an chúrsa

Measúnú an Mhodúil:

Measúnú Leanúnach (Aiste: 20% agus Scrúdú Ranga: 80%)

MODÚL NG261: OIDHREACTH GHAELACH THUAIISCEART LAIGHEAN AGUS CHÚIGE ULADH (5 ECTS)

Léachtóirí: Tracey Ní Mhaonaigh, Fionntán de Brún
Teagasc: 2 léacht sa tseachtain

Measúnú: Scrúdú ollscoile = 60%
Measúnú leanúnach = 40%

Pléifear sa chúrsa seo gnéithe éagsúla d'oidhreacth Ghaelach Thuaisceart Laighean agus Chúige Uladh, i dtréimhse na Nua-Ghaeilge (1650–1900) go háirithe. Múinfear cúrsa tosaigh ar phaileagrafaíocht na lámhscríbhinní, agus déanfar roinnt téacsanna simplí a léamh agus a thras-scríobh as na lámhscríbhinní iad féin. Pléifear stair ghinearálta agus scóip thraidisiún na lámhscríbhinní Nua-Ghaeilge agus caithfear súil, ina dhiaidh sin, ar thraidisiún na Gaeilge i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad.

N.B. Má chailleann aon mhac léinn níos mó ná 25% de léachtaí an mhodúil seo, bronnfar 0% air sa scrúdú agus beidh air an scrúdú a dhéanamh arís (40% an marc is airde a cheadófar in athscrúduithe dá leithéid).

Téacsanna: Soláthrófar sleachta le linn an chúrsa ar Moodle.

Léitheoireacht bhreise/ Leabhair thagartha:

- Corish, Patrick J. (1995) *Maynooth College 1795–1995*. Dublin: Gill & Macmillan.
- Dawson, Ciarán (2014) 'Peadar Ó Gealacháin: Scríobhaí'. In: *Léachtaí Cholm Cille XLIV*, 129–163.
- de Brún, Fionntán, (2011) 'Expressing the Nineteenth Century in Irish: the Poetry of Aodh Mac Domhnaill (1802-67)'. In: *New Hibernia Review* 15:1 (Earrach / Spring), 81–106.
- de Brún, Pádraig (1972) (Samhain). "'Gan Teannta Buirid ná Binse": *Scríobhaithe na Gaeilge, c.1650–1850*'. In: *Comhar* 31(11), 15–20.
- Duffy, Seán (1987) 'Art Murphy and Gaelic Literary Activity in the Dundalk Area in the 1820's'. In: *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 21(3), 231–56.
- Keegan, Fintan (2023) 'Catalóg Lámhscríbhinní Bhriain Uí Thomaltaigh, 1840'. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2023*, 76–142.
- (2022) 'Nótaí ar Lámhscríbhinní Malla – I'. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2022*, 51–103.
- (2021) 'Nótaí Fáin ar Chnuasach Lámhscríbhinní Mhic Ádhaimh'. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2021*, 91–144.
- (2017) "'Gan cabhar ná anacal air fris na ciantaibh': Lámhscríbhinní déanacha an Tuaiscirt i gnuasach Mhá Nuad'. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2017*, 19–40.
- Mac Mathúna, Liam (2021) *The Ó Neachtain Window on Gaelic Dublin, 1700–1750*. Cork Studies in Celtic Literatures, 4. Cork: CSCL.
- (1991) *Dúchas agus Dóchas – Scéal na Gaeilge i mBaile Átha Cliath*. Baile Átha Cliath: Glór na nGael.
- Ní Mhaonaigh, Tracey (2022) 'St Patrick's College, Maynooth, the Irish language revival effort and the Meath-men who made their mark'. In: *Ríocht na Midhe XXXIII*, 198–220.
- (2021) *The Life and Legacy of An tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh*. An Mhí: Comhairle Contae na Mí.

- (2018a) ‘Pádraig Ó Fiannachta: An Scoláire Óg i gColáiste Phádraig, Má Nuad’. In: *Léachtaí Cholm Cille XLVIII*, 37–54.
- (2018b) ‘Stair Chuallacht Cholmcille’. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2018*, 1–35.
- (2017) ‘Traidisiún *Irisleabhar Mhá Nuad*’. In: *Irisleabhar Mhá Nuad 2017*, 7–18.
- Ní Mhughhaile, Lesa (2015) ‘The Irish Language in County Meath, 1700–1850’. In: Crampsie, Arlene & Francis Ludlow (*eagí*), *Meath: History and Society; Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County*, 547–72. Dublin: Geography Publications. [History & Society, 24].
- (2014) ‘Saothrú Léann na Gaeilge i gCo. na Mí san Ochtú agus Naóú hAois Déag’. In: *Léachtaí Cholm Cille XLIV*, 104–128.
- Ní Shéaghdha, Nessa (1989) ‘Irish Scholars and Scribes in Eighteenth-Century Dublin’. In: *Eighteenth-Century Ireland: Iris an Dá Chultúr* 4, 41–54.
- Ó Buachalla, Breandán (1968) *ImBéal Feirste Cois Cuain*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, Tta. [Leabhair Thaighde, 16].
- Ó Fiaich, Tomás (1972) *Má Nuad*. Má Nuad: An Sagart.
- Ó Fiannachta, Pádraig (1993) *Léachtaí Cholm Cille XXIII: Maigh Nuad agus an Ghaeilge*. Maigh Nuad: An Sagart.

MODÚL NG263: AN FHIANNAÍOCHT AGUS AN AINMEOLAÍOCHT (5 ECTS)

Léachtóirí: An Dr Lára Ní Mhaoláin, An Dr Eoghan Ó Raghallaigh

Tá **dhá chuid** éagsúla sa mhodúl seo –

Cuid 1: An Fhiannaíocht.

Breathnófar ar stair agus ar litríocht na Fiannaíochta agus déanfar staidéar ar roinnt téacsanna. Díreofar ar théacs agus ar thraidisiún *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* sa chuid seo den chúrsa.

Téacsleabhar:

Ní Shé, N. (2019) *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*. Leabhar Breac.

Molfar léitheoireacht bhreise le linn an chúrsa agus cuirfear sleachta agus ailt ar fáil ar Moodle.

Cuid 2: An Ainmeolaíocht.

Logainmneacha (nó áitainmneacha) na Gaeilge is príomhábhar don chúrsa seo. Déanfar staidéar ar chineál na logainmneacha, ar na focail is coitianta atá le feiceáil iontu, ar a struchtúr agus ar a stair. Déanfar cúram freisin sa chúrsa d'ainmneacha pearsanta, sloinnte agus leasainmneacha na Gaeilge.

Socrófar an t-ábhar léitheoireachta le linn an chúrsa.

Beidh dhá léacht sa tseachtain.

Measúnú:

Scrúdú Ollscoile 90 nóiméad ag deireadh an tseimeastair (100%).

MODÚL NG264: AN NUA-GHAEILGE MHOCH AGUS AN NUALITRÍOCHT (5 ECTS)

Léachtóirí: An Dr Lára Ní Mhaoláin & An Dr Caitlín Nic Íomhair

Tá dhá chuid ag baint leis an gcúrsa seo: (1) An Nua-Ghaeilge Mhoch, (2) An Nualitríocht

I g**Cuid 1**, léifear roinnt scéalta as *Foras Feasa ar Éirinn* agus déanfar scrúdú ar ghnéithe teanga agus liteartha iontu. Déanfar plé ar údar an tsaothair agus ar chúlra an téacs.

I g**Cuid 2**, leanfar leis an obair a tosaíodh in NG254 d'fhonn cur le scileanna léitheoireachta agus anailíse na mac léinn. Rachaidh mic léinn i dtaithí ar théacsanna a léamh agus a phlé go hoilte agus go neamhspleách.

Measúnú:

Scrúdú Ollscoile 90 nóiméad ag deireadh an tseimeastair (60%) agus measúnú leanúnach bunaithe ar an obair a dhéantar don rang oidis (40%).

Téacsanna:

Cuid 1:

Bergin, O., 1930. *Sgéalaigheacht Chéitinn: Stories from Keating's History of Ireland*. Royal Irish Academy: Dublin.

Cuid 2:

Beidh leabhrán le fáil ag mic léinn ag tús an chúrsa.

Léitheoireacht Bhreise:

Cuid 1:

Cunningham, B., 2003. *The World of Geoffrey Keating*. Dublin.

Ó Buachalla, B., 1982. 'Annála Ríoghachta Éireann is Foras Feasa ar Éirinn: an Comhthéacs Comhaimseartha', in *Studia Celtica* 22 & 23, 59-106.

Ó Buachalla, B., 1987 'Foreword' in David Comyn [ed.] *Foras Feasa ar Éirinn/The History of Ireland by Geoffrey Keating D.D.* Irish Texts Society Vol. 4, 2-9.

Ó Corráin, D., 1984. 'Seathrún Céitinn: an Cúlra Stairiúil', in *Feasta* 37, 18-19.

Williams, J.E.C & Ní Mhuiríosa, M., 1979/1985. *Traidisiún Liteartha na nGael*. Baile Átha Cliath.

Cuid 2:

Tabharfar liosta téacsanna ag tús an chúrsa.

MODÚL SG207: SEAN-GHAEILGE – OLD IRISH 1 (5 ECTS)

Múintear an modúl seo trí mheán an Bhéarla. Tugtar buneolas ar theanga na Sean-Ghaeilge ab initio. Is iad seo na topaicí a chlúdaítear: córas fuaimne agus litrithe na Sean-Ghaeilge, díochlaonadh an ainmfhocail, na haidiachta agus an fhorainm, tamhan láithreach an bhriathair.

Moltar do mhic léinn na Nua-Ghaeilge gan tabhairt faoin modúl seo mura bhfuil 2.1 faighte acu sa mhodúl lárnach teanga deireanach atá déanta acu.

Beidh 24 léacht agus 10 rang teagaisc ag mic léinn an chúrsa seo. Socrófar na ranganna teagaisc ag tús an tseimeastair.

Measúnú:

Bronntar na marcanna as uasmhéid de 80. Tugtar 10% de na marcanna ar thinreamh agus ar obair na ranganna teagaisc, 30% ar scrúdú ranga lárthearma, 60% ar scrúdú scríofa.

Téacsanna:

David Stifter, *Sengoídelc. Old Irish for Beginners*, New York: Syracuse University Press 2006.

MODÚL SG208: SEAN-GHAEILGE – OLD IRISH 2 (5 ECTS)

Ní féidir leat an modúl seo a thógáil mura bhfuil SG207 ('Sean-Ghaeilge – Old Irish 1') déanta agat i Seimeastar 1.

Múintear an modúl seo trí mheán an Bhéarla. Leantar le bunolas a thabhairt ar theanga na Sean-Ghaeilge. Scrúdaítear go mion gnéithe de ghramadach agus de chomhréir na Sean-Ghaeilge: go háirithe breis eolais ar dhíochlaontaí na n-ainmfhocal agus ar thamhain láithreacha na mbriathra.

Moltar do mhic léinn na Nua-Ghaeilge gan tabhairt faoin modúl seo mura bhfuil 2.1 faighte acu sa mhodúl lárnach teanga deireanach atá déanta acu.

Beidh 24 léacht agus 12 rang teagaisc ag mic léinn an chúrsa seo. Socrófar na ranganna teagaisc ag tús an tseimeastair.

Measúnú:

Bronntar na marcanna as uasmhéid de 80. Tugtar 10% de na marcanna ar thinreamh agus ar obair na ranganna teagaisc, 30% ar scrúdú ranga lárthearma, 60% ar scrúdú scríofa.

Téacsanna:

David Stifter, *Sengoídelc. Old Irish for Beginners*, New York: Syracuse University Press 2006.

Roinn na Nua-Ghaeilge

An Dara Bliain 2024–25

Leathanach Clúdaigh

Ainm agus Sloinne: _____

Uimhir an Mhic Léinn: _____

Teideal na hOibre: _____

Sprioclá: _____

Oide/ Teagascóir/ Léachtóir: _____

Seicliosta

Is mise amháin a rinne an bhunobair seo

Níor léigh ná níor leasaigh éinne eile an aiste/ tasc seo agus í/ é á scríobh agam ná i ndiaidh dom í/ é a chríochnú

Áit ar bith ar bhain mé leas as tuairimí/ smaointe/ sleachta as saothair údair eile, tá mé tar éis a leithéid a chur in iúl go soiléir mar ba chúig agus níl aon bhradaíl déanta agam

Níor thug mise ná aon duine eile an obair seo isteach cheana féin mar chuid d'aon chúrsa eile

Níor bhain mé úsáid as aon acmhainn intleachta saorga [AI] ná acmhainn neamhcheadaithe ar bith eile agus an aiste/ tasc seo á réiteach agam

Tuigim go bhféadfaí mé a chur faoi agallamh sa chás go mbeadh amhras ar oide/ teagascóir/ léachtóir an ranga faoi bhunús/ úinéireacht na hoibre

Tuigim go mbronnfar 0 orm murar chloígh mé le gach ní a luaitear sa seicliosta seo

Síniú:

Dáta: